RÁITEAS ÓN AIRE OIDEACHAIS AR LÁITHREÁN GRÉASÁIN ACMHAINNÍ MÚINTEORA SPARKLEBOX: 8 FEABHRA 2010

Ba mhian liom ráiteas a thabhairt faoin láithreán Gréasáin acmhainní múinteora Sparklebox.

Is láithreán Gréasáin é Sparklebox ina bhfuil acmhainní do mhúinteoirí bunscoile, ar féidir é á íoslódáil le haghaidh úsáide sa seomra ranga le daltaí.

Ba é Samuel Kinge, múinteoir, an t-úinéir agus an t-oibreoir, ar cuireadh i bpríosún é i mí Eanáir 2005 mar gheall ar phornagrafaíocht páistí bheith ina sheilbh aige. Chuir Kinge tús le Sparklebox i mí Feabhra 2006 i ndiaidh dó a ainm a athrú go Daniel Kinge. Gabhadh é arís i mí Mheán Fómhair 2009 as íomhánna míghnéasacha de pháistí a bheith ina sheilbh agus á ndéanamh aige. Chuir Worcester Crown Court pianbhreith de dhá mhí déag i bpríosún air ar 8 Eanáir 2010 , chomh maith le hordú fán chion gnéasach a chosc de 15 bliain , a thoirmisceann é ó ríomhaire a úsáid muna bhfuil clár braite póilíní air.

Baineadh úsáid as an suíomh seo ag múinteoirí i dtuaisceart agus i ndeisceart na hÉireann, i Sasana, sa Bhreatain Bheag, agus in Albain.

Bhí scoileanna anseo ábalta teacht ar Sparklebox tríd an líonra C2k, a sholáthraíonn seirbhís bainistithe TFC do gach scoil dheontaschúnta. Bainistítear soláthar na seirbhísí thar ceann gach Boird Oideachais agus Leabharlainne ag Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair.

Tugadh comhairle dom go bhfuair C2K fios ar na ceisteanna a bhaineann le Sparklebox i mí Nollag 2009. Tuigim gur chomhthadhaill siad leis an Regional Broadband Consortia i Sasana, roinnt díobh a chuir bac le teacht ar an suíomh seo go dtí go mbeadh siad sásta go mbeadh socruithe cosanta iomchuí i bhfeidhm. Is cosúil go raibh C2K den tuairim go raibh socruithe cosanta iomchuí i bhfeidhm le sábháilteacht úsáideoirí a chinntiú agus, mar sin de, níor bhain siad teacht ar an suíomh ar dtús. Is é seasamh C2K ná go bhfuil scagairí uathoibríocha i bhfeidhm ag a gcóras chun bac a chur le comhpháirt idirghníomhach atá féideartha (blaganna agus barraí uirlísí) sa suíomh.

Ar 28 Eanáir 2010 chuala tuismitheoir de pháiste ag bunscoil faoi chiontú Kinge agus threoraigh bunscoil Bhéal Feirste múinteoirí gan úsáid a bhaint as Sparklebox, agus a chuir a seasamh in iúl do C2K.

Ar 1 Feabhra, d'athraigh C2K a gcinneadh ar bhac a chur leis an suíomh agus chinn siad go gcuirfeadh siad bac leis, agus tá mé tugtha le fios gur chuir siad a gcinneadh in iúl do scoileanna, agus go bhfuil an suíomh bactha go fóill.

Fuair mé fios ar an tsaincheist seo ar 29 Eanáir. D'eisigh mo Roinn preasráiteas le dearbhú go bhfuil scagairí i bhfeidhm ag an chóras C2K le bac a chur le hinneachar dochrach gréasáin, agus tá an Roinn ag comhoibriú le C2K ar an tsaincheist seo.

Mar is eol daoibh, glacaim an-dáiríre dualgas mo Roinne le cinntiú go gcosnaítear sábháilteacht páistí i ngach gné dá n-oideachas. Is fíor-thábhachtach dom a sábháilteacht agus déanaim iarracht mise a chinntiú ar bhonn leanúnach go bhfuil na polasaithe agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm iomchuí agus éifeachtach.

Ar bhonn gan chlaontacht, fanaim neamhchinnte go raibh freagraí don tsaincheist ar leith seo comhréireach agus tráthúil.

Dá réir sin, scríobh mo Roinn chuig Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair lena iarraidh air iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar bainistíodh an tsaincheist seo agus moltaí a dhéanamh ar cad iad na ceachtanna is féidir a fhoghlaim ón cheist maidir le polasaithe agus nósanna imeachta a fheabhsú tuilleadh chun sábháilteacht na bpáistí a chosaint.

Maidir leis an ráiteas seo, beidh mé ag scríobh chuig Batt O'Keefe TD, an tAire Oideachais agus Eolaíochta sa deisceart, agus chuig mo chomhghleacaithe aireachta i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag le mo chur chuige ar an tsaincheist seo a chur in iúl dóibh.

Cuirfear cóip den Ráiteas seo chuig gach scoil agus eagraíochta eile atá faoi chothabháil ag mo Roinn.

Eiseoidh mo Roinn treoir leantach don Chiorclán um Shábháilteacht Idirlín a eisíodh i mí an Mheithimh 2007. Tagróidh an treoir nua seo go speisialta do shocruithe cosanta, i ndiaidh eispéireas Sparklebox

Ina theannta sin, fanaim m'fheidhmeannaigh go hiomlán i ngleic le hIdirghúpa Aireachta an DHSS&PS um Chosaint Pháistí. Tá an grúpa seo ag forbairt oibre ar phlean gníomhaíochta a chuirfidh bearta i bhfeidhm le ríomh-shábháilteacht a fheabhsú tuilleadh do dhaoine óga.

Mar chonclúid, fanann an suíomh Sparklebox bactha ag C2K, iniúchfar go hiomlán bainistíocht an teagmhais seo, agus nuashonróidh mé an Tionól ar an tsaincheist seo chomh luath agus is féidir.